Technological University Dublin
ARROW@TU Dublin

Articles
School of Culinary Arts and Food Technology

1994

# Bunchloch Theach Opera Sydney

Máirtín Mac Con Iomaire
*Technological University Dublin*, mairtin.macconiomaire@tudublin.ie

Linda Byrne
*National College of Art and Design, Ireland*, byrnel@ncad.ie

Follow this and additional works at: https://arrow.tudublin.ie/tfschafart


Part of the Arts and Humanities Commons

## Recommended Citation

Mac Con Iomaire, M. agus L. Byrne (1994). Bunchloch Theach Opera Sydney. Comhar. Imleabhar 53, Uimhir 6. lth. 30, DOI: 10.21427/d7wf48

This Article is brought to you for free and open access by the School of Culinary Arts and Food Technology at ARROW@TU Dublin. It has been accepted for inclusion in Articles by an authorized administrator of ARROW@TU Dublin. For more information, please contact arrow.admin@tudublin.ie, aisling.coyne@tudublin.ie, vera.kilshaw@tudublin.ie.


# BUNCHLOCH THEACH OPERA SYDNEY



Tar éis Chogadh na Saoirse i Meiriceá (1775-1783) bhí a ngreim caillte ag na Sasanaigh ansin agus ní fhéadfadh Sasana feasta coilíneachtaí Mheiriceá a úsáid mar láithreacha príosúin. Bhí príosúin Shasana ag cur thar maoil, longa príosúin á n-úsáid acu ar abhainn an Thames, agus b'éigean don lucht riaracháin i Londain teacht ar láthair éigin eile. Mhol Joseph Banks, fear a sheol san 'ENDEAVOUR' in éineacht leis an gCaptaen Cook, go dtógfaidís coilíneacht phríosúin i mBotany Bay. Cé nach raibh sé féin ró-thógtha leis an áit, shocraigh sé i Londain gur cheart síolta agus plandaí a thabhairt amach as Sasana le cur ann. Bhíothas ag smaoineamh roimhe sin ar an Nua-Shéalainn ach ceapadh go raibh na *Maoris* ró-fhíochmhar mar chine.

D'fhág aon long déag Spithead Shasana, an 13 Bealtaine 1787, faoi cheannas an Chaptaen Arthur Phillips. Ar bord bhí 800 príosúnach, 443 mairnéalach agus ceithre chomplacht d'Arm an Rí, maraon le mná céile agus cúpla páiste. Tar éis cuairt a thabhairt ar Tenerife, Rio de Janeiro agus Capetown chun soláthairtí úra a bhailiú, shroicheadar Botany Bay, an 18 Eanáir 1788.

Cuireadh buíon fear i dtír agus deineadh teagmháil leis na Dúchasaigh ann. Bhíodar siúd an-fhiosrach faoi éadain ghlanbhearrtha na mairnéalach agus ní rabhadar cinnte an fir nó mná a bhí iontu. Ar chloisteáil gur fir a bhí iontu thiteadar i lagrachaí ag gáirí. Bhí go maith ach níor thaitin a bhfaca sé leis an gCaptaen Phillips. Chuir sé soitheach chun seoil chun iniúchadh a dhéanamh ar Port Jackson, cuan eile a bhí cúpla míle ó thuaidh agus a bhí feicthe ag Cook ocht mbliana déag roimhe sin.



Fuair siad amach gur cuan mór foscúil a bhí anseo a bhí beo le hiasc agus go raibh an talamh níos torthúla ann ná mar a bhí i mBotany Bay. Is mar seo a tharla gur tógadh baile san áit a bhfuil Circular Quay - cathair Sydney inniu.

Mná ab ea trian de na príosúnaigh agus bhíodar dealaithe ó na fir le linn an aistir. Deineadh dearmad ar an tionchar a bheadh ag an dealú seo ar na banphríosúnaigh agus ar na príosúnaigh fir agus ar na saighdiúirí féin ach nuair a thángadar ar fad i dtír agus nuair a bhíodar i bhfochair a chéile arís tharla rabharta cúpléala nó cineál *'orgy'* i rith na gcéad chúpla lá. Mhol an Captaen Phillips do na cúplaí pósadh, rud a rinne go leor acu gan mhoill.

Bhí an saol an-chrua i dtosach. Ba dheacair an talamh griandóite a threabhadh agus bhí adhmad crua na gcrainnte an-deacair le gearradh. Mar bharr ar an mí-ádh bhí slabhraí nó laincísí ar leath an daonra. Ní raibh acu ach soláthairtí bia dhá bhliain agus bheidís i dtuilleamaí a gcuid feirmeoireachta go huile agus go hiomlán ina dhiaidh sin. Bhíodh triomach fíorfhada acu agus ansin thagadh díle bháistí agus scuabtaí ithir dhromchlach na talún chun siúil. Ní raibh cosúlacht ar bith ann go dtiocfadh aon fheabhas ar an scéal go ceann i bhfad.

Thuig Phillips go raibh go leor le foghlaim ó na Dúchasaigh agus thug sé ordú ón gcéad lá bheith cairdiúil leo. Níor thaispeáin na Dúchasaigh aon spéis ina gcomharsana nua seachas corr-ruathar a thabhairt faoi na stórais bia. Tar éis bliana, chonaic Phillips nach raibh de rogha aige ach fear acu a thógáil le fórsa. Ghlanadar, bhearradar agus ghléasadar an fear óg in éadach Eorpach ach níorbh fhada gur tharla tubaiste. Bhuail ráig den bholgach na Dúchasaigh agus is leis an ngalar sin a chaill an dream bán a gcéad *'protégé'*.

Socraíodh *'protégé'* nua a fháil nuair a d'imigh an bholgach agus rugadar ar fhear óg sé bliana fichead darbh ainm Bennelong. D'éirigh go maith leis an bhfear óg seo i mbealaí an fhir bháin. D'éirigh sé an-cheanúil ar bhia agus ar fhíonta na hEorpa agus deineadh cineál peata de i dteach an rialtais. D'fhoghlaim sé roinnt Béarla agus chaith sé éadaí Eorpacha. Ligeadh dó teacht agus imeacht de réir mar ba mhian leis agus thugadh sé cuairt go minic ar a threibh féin. Ach, de réir a chéile, chaith sé an chuid ba mhó dá chuid ama leis na daoine bána.

De réir an scéil, tugadh go Sasana é, áit ar chaith sé bliain nó dhó agus ar tarraingíodh go leor aird air. Ach nuair a d'fhill sé go Sydney, bhí a bhean chéile leagtha suas ag fear eile agus fuair sí bás go gairid ina dhiaidh sin ag tabhairt an linbh ar an saol. Mharaigh Bennelong athair an linbh le sleá, rinne sé tine mhór mhillteach agus dhóigh sé corp a mhná agus corp an linbh óig inti. Deirtear nár theastaigh uaidh go dtógfaí an leanbh chomh míshona is a bhí sé féin i measc na ndaoine bána. D'fhill Bennelong ar a mhuintir féin agus maraíodh é i gcogadh treibhe i 1813.

Tugtar Bennelong Point ar an áit ar dódh na coirp agus is ar an láthair chéanna sin atá an Sydney Opera House suite inniu. ■

**Máirtín Mac Con Iomaire**

**(Tá an t-údar ar ais in Éirinn arís tar éis cúpla mí a chaitheamh ag taisteal na hAstráile mar chuid dá thuras bliana timpeall an domhain. Is í Linda Byrne a tharraing na pictiúir).**